Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Meitheamh 2020**
**(OR. en)**

**8482/20**

**FISC 122**
**ECOFIN 454**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 2 Meitheamh 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7940/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le forbairt an chomhair riaracháin amach anseo i réimse an chánachais san Aontas Eorpach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le forbairt an chomhair riaracháin amach anseo i réimse an chánachais san Aontas Eorpach, a d'fhormheas an Chomhairle trí nós imeachta i scríbhinn a tugadh chun críche an 29 Bealtaine 2020 (CM 2382/20).

# CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

## MAIDIR LE FORBAIRT AN CHOMHAIR RIARACHÁIN AMACH ANSEO I RÉIMSE AN CHÁNACHAIS SAN AONTAS EORPACH

Maidir le Comhairle an Aontais Eorpaigh:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an mheastóireacht a rinne an Coimisiún ar Threoir 2011/16/AE ón gComhairle maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE na torthaí a leagtar amach sa mheastóireacht sin, ina léirítear torthaí sásúla agus deiseanna breise chun feabhas a chur ar fhorálacha reatha Threoir 2011/16/AE;

2. TÁ SÍ DEN TUAIRIM gur uirlis an-tábhachtach í Treoir 2011/16/AE a chuir an tAontas ar fáil chun tacú le húdaráis chánach na mBallstát ioncam cánach a chosaint agus cáin a bhailiú, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE AGUS IS CÚIS SÁSAIMH DI gur méadaíodh raon feidhme na Treorach sin cúig huaire le linn 2014-2019 agus cumhdaíonn sí anois an malartú faisnéise idir údaráis inniúla na mBallstát maidir le faisnéis ar chuntas airgeadais, rialuithe cánach trasteorann agus réamh-chomhaontuithe praghsála, tuarascálacha tírshonracha ina gcuirtear ar fáil faisnéis airgeadais áirithe maidir leis na corparáidí ilnáisiúnta is mó, agus rochtain ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil, mar aon le faisnéis maidir le socruithe pleanála ionsaithí cánach trasteorann a d’fhéadfadh a bheith ann;

3. CREIDEANN SÍ GO LÁIDIR gurb iomchuí na forbairtí sin a mheas agus Treoir 2011/16/AE a thabhairt cothrom le dáta, agus é mar aidhm córas an chomhair riaracháin i réimse an chánachais san Aontas a dhéanamh níos láidre agus níos éifeachtúla;

4. TÁ SÍ CINNTE gur cuid an-tábhachtach é i gcónaí d'iarracht chuimsitheach an Aontais srian a chur ar chalaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach, atá i measc na mbagairtí móra ar an ioncam poiblí, feabhas a chur ar chomhar agus ar acmhainneacht riaracháin chomh maith le muinín níos doimhne a bhunú idir údaráis inniúla na mBallstát i réimse an chánachais;

5. MEABHRAÍTEAR DI, sa chomhthéacs sin, na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 18 Nollaig 2014 ina luaitear go bhfuil géarghá leis na hiarrachtaí i gcoinne na seachanta cánach agus na himghabhála cánach a chur chun cinn, ar an leibhéal domhanda agus ar leibhéal an Aontais, IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn suntasach a baineadh amach go dtí seo, ATHDHEARBHAÍONN SÍ a tiomantas do phrionsabail an chánachais idirnáisiúnta agus TÁ SÍ DEN TUAIRIM go bhfuil na hiarrachtaí chun an comhar riaracháin a fheabhsú leis an gcuspóir calaois chánach agus imghabháil cánach a chomhrac go háirithe ábhartha i gcomhthéacs an ghá le téarnamh as an ngéarchéim mar thoradh ar phaindéim COVID-19;

6. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil faisnéis chuimsitheach ardchaighdeáin dhiongbháilte a bhaineann le cáin ag teastáil ó údaráis chánach na mBallstát d'fhonn cinnteacht cánach a chur chun cinn go héifeachtúil agus go héifeachtach, ualaí comhlíonta a laghdú do cháiníocóirí agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a eascraíonn as na samhlacha nua gnó agus as geilleagar na n-ardán digiteach, agus go bhféadfaí forálacha áirithe de Threoir 2011/16/AE a fheabhsú ina leith sin;

7. IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair atá á déanamh faoi láthair ag an gCoimisiún agus é mar chuspóir Treoir 2011/16/AE a leasú b'fhéidir, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh shainaitheanta in eilimintí atá cheana sa Treoir sin agus faisnéis úsáideach ábhartha a chur ar fáil d'údaráis chánach na mBallstát maidir le cáiníocóirí a ghineann ioncam trí gheilleagar na n-ardán digiteach;

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil roinnt Ballstát tar éis tús a chur cheana le bearta a chur i bhfeidhm ina ndlí náisiúnta maidir le hioncam a ghintear trí ardáin dhigiteacha a thuairisciú, agus MEASANN SÍ GUR DEN TÁBHACHT É an deis seo a thapú chun caighdeán coiteann a bhunú ar leibhéal an Aontais le haghaidh sásraí tuairiscithe agus malartaithe faisnéise cánach sa réimse sin, agus aird á tabhairt ar an bplé comhthreomhar atá ar siúl i bhfóraim ECFE maidir leis an bhfaisnéis riachtanach chánach a fháil ó ardáin dhigiteacha;

9. MEABHRAÍTEAR DI na leasuithe a rinneadh le déanaí ar Rialachán Cur Chun Feidhme 282/2011/AE ón gComhairle lena mbunaítear oibleagáidí maidir le bailiú sonraí agus coimeád taifead d'oibreoirí na n-ardán digiteach maidir le cáiníocóirí a ghineann ioncam trí na hardáin dhigiteacha den chineál sin, CUIREANN SÍ I dTREIS, sa chomhthéacs sin, a thábhachtaí atá sé creat rialála éifeachtach comhleanúnach Aontais a bheith ann agus Treoir 2011/16/AE agus Rialachán Cur Chun Feidhme 282/2011/AE ón gComhairle a ailíniú i gcás inarb iomchuí chun éifeachtúlacht, fóntas agus cost-éifeachtacht a mhéadú trí úsáid a bhaint as sonraí atá ar fáil cheana agus aird chuí á tabhairt ar na difríochtaí agus ar na dúshláin shonracha i réimse an chánachais i réimse an chánachais dhírigh;

10. CREIDEANN SÍ GO LÁIDIR gur cheart go mbeadh sé mar aidhm in aon bhearta nua ar leibhéal an Aontais sa réimse seo cothrom iomaíochta a chruthú agus a choimeád idir ardáin dhigiteacha an Aontais agus tríú tír, trína ngintear ioncam atá faoi réir cánachais sna Ballstáit;

11. TÁ SÍ DEN BHARÚIL GUR DEN RIACHTANAS É go leanfaidh reachtaíocht an Aontais maidir le trédhearcacht agus malartú faisnéise ag tógáil ar an gcomhdhearcadh idirnáisiúnta ar ar thángthas i bhfóraim ECFE agus go leanfaidh an tAontas den chlár oibre a leagan síos don iarracht dhomhanda chun srian a chur le calaois chánach trasteorann, imghabháil cánach agus seachaint cánach trí chomhar riaracháin;

12. TÁ SÍ CINNTE gur cheart go gcuirfí chun cinn úsáid níos fearr na faisnéise a mhalartaítear idir na Ballstáit mar thoradh ar an obair chun Treoir 2011/16/AE a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear sainaithint cáiníocóirí ábhartha a éascú, agus MOLANN SÍ dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta i gcoinne calaois chánach trasteorann, imghabhála cánach agus seachaint cánach a chomhroinnt i measc na mBallstát. Ós rud é gur cheart leanúint den obair sin a dhéanamh i gcomhthéacs gníomhaíochtaí Chlár Fiscalis a bhaineann le Treoir 2011/16/AE, a ligeann d'údaráis chánach bualadh le chéile agus caidrimh mhuiníneacha a chothú agus an líonra don mhalartú faisnéise a fhorbairt a thuilleadh, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuairisc rialta a thabhairt don Chomhairle ar na gníomhaíochtaí sin;

13. CREIDEANN SÍ gur deis mhaith é seo chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na n-uirlisí atá ann cheana agus chun iarracht a dhéanamh, i gcás inar gá, tionscnaimh nua a ghlacadh ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go bhfaigheann údaráis na mBallstát lena mbaineann faisnéis atá simplithe agus spriocdhírithe maidir le calaois chánach trasteorann agus faisnéis inúsáidte i ndáil le patrúin airgeadais nó theicneolaíocha a bhaineann le calaois chánach trasteorann, imghabháil cánach agus seachaint cánach;

14. TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach ndéantar foráil i dtéacs reatha Threoir 2011/16/AE do nós imeachta a bhaineann le cosaint sonraí i gcás sárú sonraí, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leasuithe iomchuí substainteacha a mholadh ar Threoir 2011/16/AE nó ar reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais, lena n-áiritheofaí cosaint agus slándáil níos fearr don fhaisnéis a mhalartaíonn údaráis inniúla na mBallstát, chomh maith le forálacha a mholadh le haghaidh cur chuige comhchoiteann i dtaca leis an gceanglas maidir le malartú faisnéise i gcás sárú sonraí i mBallstát. Idir an dá linn, is iomchuí leanúint den obair chun teacht go tapa ar réiteach riaracháin, más féidir sin faoin gcreat dlíthiúil reatha, agus é mar chuspóir feabhas a chur ar shlándáil na sonraí a mhalartaítear idir na húdaráis a bhfuil baint acu le malartú faisnéise cánach agus a ghníomhaíonn mar rialaitheoirí sonraí;

15. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar na féidearthachtaí tuilleadh feabhais a chur ar an idir-inoibritheacht atá ann idir Treoir 2011/16/AE agus Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta;

16. MEABHRAÍONN SÍ na leasuithe a rinneadh le déanaí ar Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2010 maidir le comhar riaracháin agus maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise i réimse na cánach breisluacha, inar méadaíodh go sonrach le raon feidhme na n-uirlisí le haghaidh comhar riaracháin atá ar fáil d’údaráis chánach na mBallstát;

17. CREIDEANN SÍ, cé go gcruthaíonn Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle agus Treoir 2011/16/AE roinnt sineirgí ar an leibhéal institiúideach agus teicniúil anois, go bhféadfaí pointí breise cóineasaithe a lorg idir na hionstraimí reachtacha sin, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach anailís a dhéanamh, agus aird chuí á tabhairt ar na difríochtaí agus ar na dúshláin shonracha i réimse an chánachais dhírigh, an féidir agus a mhéid gur féidir raon feidhme na n-uirlisí atá ar fáil d’údaráis chánach faoi Threoir 2011/16/AE ón gComhairle a ailíniú a thuilleadh le forálacha sonracha Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle i gcás ina mbeadh éifeachtúlacht mhéadaithe údaráis chánach na mBallstát mar thoradh ar chóineasú breise;

18. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go mbeadh gá le haon leasuithe ar théacs reatha Threoir 2011/16/AE a chothromú, i measc nithe eile, agus ag an am céanna nár cheart féachaint leis na cuspóirí chun na costais agus na hualaí riaracháin a bharrfheabhsú do na gnólachtaí agus do na húdaráis inniúla lena mbaineann, agus chun na ceanglais maidir le comhlíonadh a shimpliú ach an bonn a bhaint d'éifeachtúlacht agus d'fheidhmiú an chórais um chomhar riaracháin i réimse an chánachais san Aontas Eorpach;

19. CREIDEANN SÍ gur cheart obair leanúnach a dhéanamh chun feabhas breise a chur ar Threoir 2011/16/AE ón gComhairle maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh an mbeadh feabhsuithe breise ar Threoir 2011/16/AE úsáideach, iomchuí agus indéanta d'fhonn cinnteacht a mhéadú agus soiléireacht níos fearr a áirithiú i ndáil leis na forálacha atá ann cheana, agus go háirithe na sainmhínithe, agus é mar aidhm an comhar riaracháin a éascú, go háirithe trí na dúshláin a eascraíonn as geilleagar na n-ardán digiteach a chur san áireamh;

20. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, agus na Conclúidí seo ón gComhairle, mar aon leis na cuspóirí a leagtar amach i dTreoir 2011/16/AE, á gcur san áireamh, gach staidéir ábhartha dhéanamh agus, tar éis na hanailísí ábhartha teicniúla a dhéanamh, togra reachtach a chur faoi bhráid na Comhairle a luaithe is féidir, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna is práinní mar thosaíocht, amhail na dúshláin a eascraíonn as geilleagar na n-ardán digiteach, agus, chun na críche sin, féachaint ar na tograí reachtacha a thabhairt isteach ar bhonn céimiúil chun dul chun cinn reachtach a éascú.